Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Nollaig 2018
(OR. en)

11890/1/18
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0357A (COD)**

VOTE 48
INF 160
PUBLIC 55
CODEC 1417

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh (GR + R)<br>– Toradh an nós imeachta a críochnaíodh ar an 5 Meán Fómhair 2018 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite i gceangal leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 21/18

# General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2016/0357A COD** (Document: **21/18**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council establishing a European Travel Information and Authorisation System (ETIAS)and amending Regulations(EU)No 1077/2011, (EU) No 515/2014, (EU)2016/399, (EU) 2016/1624 and (EU) 2017/2226 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 25 | | 100% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 3 | | |
| Total | 25 | | |

Sitting date: **05/09/2018**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,61 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,63 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,40 | Yes |
| DANMARK | | Not participating |
| **DEUTSCHLAND** | 18,92 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | | Not participating |
| **ΕΛΛΑΔΑ** | 2,47 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,68 | Yes |
| **FRANCE** | 15,38 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,95 | Yes |
| **ITALIA** | 14,05 | Yes |
| **ΚΥΠΡΟΣ** | 0,20 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,45 | Yes |
| **LIETUVA** | 0,65 | Yes |
| **LUXEMBOURG** | 0,14 | Yes |
| **MAGYARORSZÁG** | 2,25 | Yes |
| **MALTA** | 0,10 | Yes |
| **NEDERLAND** | 3,95 | Yes |
| **ÖSTERREICH** | 2,01 | Yes |
| **POLSKA** | 8,71 | Yes |
| **PORTUGAL** | 2,37 | Yes |
| **ROMÂNIA** | 4,51 | Yes |
| **SLOVENIJA** | 0,47 | Yes |
| **SLOVENSKO** | 1,25 | Yes |
| **SUOMI/FINLAND** | 1,26 | Yes |
| **SVERIGE** | 2,31 | Yes |
| UNITED KINGDOM | | Not participating |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (14 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Déanfar na costais go léir a bhaineann le hoibriúchán agus le cothabháil Chóras Faisnéise ETIAS, Aonad Lárnach ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS a sheasamh go hiomlán leis an ioncam arna ghiniúint ó na táillí. Ba cheart, dá bhrí sin, an táille a oiriúnú de réir mar is gá, ag féachaint do na costais. Áiríonn sé sin na costais a thabhaíonn Ballstáit an Aontais agus na costais a thabhaíonn Tíortha Comhlachaithe Schengen ina leith sin, i gcomhréir le forálacha an Rialacháin maidir le ETIAS. Is é an Ciste Slándála Inmheánaí (Teorainneacha agus Víosaí) agus a chomharba(í) faoi seach a sheasfaidh na costais a thabhófar i ndáil le forbairt Chóras Faisnéise ETIAS, comhtháthú an bhonneagair teorann náisiúnta reatha agus an nascadh leis an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta chomh maith le hóstáil a dhéanamh ar an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta agus bunú Láraonad ETIAS agus Aonaid Náisiúnta ETIAS, lena n-áirítear na costais sin a thabhóidh Ballstáit an Aontais agus Tíortha Comhlachaithe Schengen.

Dá bhrí sin, níor cheart na costais sin a chur san áireamh nuair atáthar ag ríomh na rannaíochta is gá do Thíortha Comhlachaithe Schengen a íoc le ETIAS faoin gComhaontú Comhlachais faoi seach agus faoi gach socrú sonrach ábhartha a bhaineann le rannpháirtíocht Thíortha Comhlachaithe Schengen sna gníomhaireachtaí. Ba cheart é sin a chur i gcuntas go háirithe i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí le comharba(í) an Chiste Slándála Inmheánaí (Teorainneacha agus Víosaí) agus na socruithe sonracha le haghaidh rannpháirtíocht Thíortha Comhlachaithe Schengen.

Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir leis na socruithe sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 95 den Rialachán seo gan mhoill tar éis a ghlactha.

Dearbhú ón mBeilg, ón nGearmáin, ón Danmhairg agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 86 den rialachán lena mbunaítear Córas an Aontais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)

Léitear foclaíocht Airteagal 86 de rialachán ETIAS mar a leanas:

"Is éard a bheidh san ioncam a ghinfidh ETIAS ioncam sannta inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 21(4) de Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012. Sannfar sin chun na costais a bhaineann le hoibriú agus cothabháil ETIAS a chumhdach. Aon ioncam dá mbeidh fágtha tar éis ghlanadh na gcostas sin, déanfar é a shannadh do bhuiséad an Aontais."

Cé go n-aithnítear gur féidir ioncam a shannadh mar ioncam inmheánach sannta i mbuiséad an Aontais de réir Airteagal 21(4) den rialachán airgeadais, ba mhaith leis an mBeilg, an Ghearmáin, an Danmhairg agus an tSualainn béim a leagan ar charachtar speisialta an chomhaontaithe maidir le táillí a ghineann ETIAS a shainiú mar ioncam inmheánacha sannta i mbuiséad an Aontais, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh na táillí seo a bheith ina n-ioncam do na Ballstáit.

Mar sin, ba mhaith leis an mBeilg, an Ghearmáin, an Danmhairg agus an tSualainn a shoiléiriú gur cheart féachaint ar an gcomhaontú atá ann faoi láthair mar réiteach réadúil le haghaidh costais oibriúcháin agus cothabhála a mhaoiniú do ETIAS trí tháillí a ghintear. Ag an am céanna, measann an Bheilg, an Ghearmáin, an Danmhairg agus an tSualainn nach sanntar an t-ioncam a bhíonn fágtha tar éis do na costais seo a bheith íoctha do bhuiséad an Aontais ach sa mhéid go méadaíonn sé ioncam ginearálta bhuiséad an Aontais agus nach ndéanann an comhaontú foráil ar bith chun go bhféadfaí an t-ioncam a bhíonn fágtha a úsáid do chaiteachais eile i mbuiséad an Aontais. D'iarr an Bheilg, an Ghearmáin, an Danmhairg agus an tSualainn ar an gCoimisiún é seo a chur san áireamh i dtograí buiséadacha amach anseo.

Mar fhocail scoir, tá an Bheilg, an Ghearmáin, an Danmhairg agus an tSualainn ag cur i dtreis go bhfuil an comhaontú maidir le hAirteagal 86 de ETIAS gan dochar ar bith do phléití amach anseo i ndáil le maoiniú bhuiséad an AE, bíodh siad sin bainteach le hacmhainní inmheánacha nó seachtracha, mar a thugtar orthu, agus meabhraíonn siad do na páirtithe go léir go bhfuil a leithéid de phléití faoi inniúlacht na Comhairle agus go ndéanann na Ballstáit cinneadh orthu d'aon ghuth.